Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2022
(OR. en)

14440/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0277(COD)

AUDIO 108
CODEC 1806
DIGIT 220
MI 855
DISINFO 93
FREMP 243
COMPET 931
EDPS 4
DATAPROTECT 328
JAI 1515
SERVICES 28
POLGEN 151

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12413/22 |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear an tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán – Tuarascáil ar dhul chun cinn |

1. An 16 Meán Fómhair 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (an tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán, EMFA) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE[1]. Bhí Moladh ón gCoimisiún maidir le coimircí inmheánacha le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta agus trédhearcacht úinéireachta in earnáil na meán ag gabháil leis an togra, mar aon le Measúnú Tionchair.

[1] 12413/22 - COM(2022) 457 final

2. An 21 Meán Fómhair 2022, cuireadh an togra maidir le EMFA i láthair Choiste na mBuanionadaithe (Coreper).

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Chlosamhairc agus Meáin téacs an togra reachtaigh (go háirithe Airteagail 1 go 24) ag roinnt cruinnithe idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2022[2].

4. Idir an dá linn, sheol an Chomhairle an comhairliúchán éigeantach le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3] agus an comhairliúchán roghnach le Coiste na Réigiún[4].

5. An 17 Deireadh Fómhair 2022, d'fhógair Parlaimint na hEorpa an togra ag an seisiún iomlánach. Níl próiseas ainmniúcháin an Choiste ceannais, na gCoistí a rachfar i gcomhairle leo agus an Rapóirtéara tugtha chun críche go fóill.

6. Iarrtar ar Coreper an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le EMFA atá i gceangal leis seo, mar a d'ullmhaigh an Uachtaránacht í, a tharchur chuig an gComhairle d'fhonn na hAirí a chur ar an eolas faoin obair atá déanta agus faoin dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir leis an togra seo.

---

[2] Scrúdaigh an Mheitheal an Measúnú Tionchair ag an gcruinniú a bhí aici an 29 Meán Fómhair 2022

[3] Airt. 114 CFAE

[4] Airt. 307 CFAE agus 19(7)(h) de Rialacháin Nós Imeachta na Comhairle

**IARSCRÍBHINN**

**AN tACHT UM SHAOIRSE NA MEÁN EORPACH (EMFA)**

**TUARASCÁIL ÓN UACHTARÁNACHT AR DHUL CHUN CINN**

# I. RÉAMHRÁ

## 1. Cúlra

An 3 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach ('an Plean') arb é is aidhm dó saoránaigh a chumhachtú agus daonlathais níos athléimní a thógáil ar fud an Aontais. Dírítear sna colúin a áirítear sa Phlean, *inter alia*, ar shaoirse agus iolrachas na meán a neartú agus ar chur i gcoinne na bréagaisnéise.

San aitheasc ar Staid an Aontais an 15 Meán Fómhair 2021, chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, béim i dtábhacht go bhfuil dlí de dhíth ar an Eoraip lena gcosnaítear neamhspleáchas na meán agus chuir sí in iúl go gcuirfeadh an Coimisiún togra le haghaidh reachtaíochta ar fáil in 2022 i bhfoirm an Ghnímh um Shaoirse na Meán.

Bhí comhairliúchán ar siúl ón 10 Eanáir 2022 go dtí an 21 Márta 2022. Bhí sé i gceist leis an gcomhairliúchán tuairimí a bhailiú maidir leis na saincheisteanna is tábhachtaí a dhéanann difear d'fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán. Cumhdaíodh leis roghanna rialachais agus trí phríomhréimse a bhaineann le margaí na meán:

– neamhspleáchas agus iolrachas na meán (e.g. grinnscrúdú ar idirbhearta margaidh na meán, trédhearcacht úinéireacht na meán agus pobal meáin a thomhas);

– coinníollacha maidir lena bhfeidhmiú sláintiúil (e.g. nochtadh an phobail d'iolrachas tuairimí, nuálaíocht sna meáin i margadh an Aontais, comhar rialála);

– leithdháileadh cothrom acmhainní stáit (e.g. neamhspleáchas na meán seirbhíse poiblí, trédhearcacht agus dáileadh cothrom na fógraíochta stáit).

An 16 Meán Fómhair 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (an tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE[5]. An lá céanna, glacadh Moladh comhlántach ón gCoimisiún maidir le coimircí inmheánacha le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta agus trédhearcacht úinéireachta in earnáil na meán.

**2. Togra ón gCoimisiún agus measúnú tionchair**

Tá sé d'aidhm ag EMFA feabhas a chur ar fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán. Tá an togra dírithe ar cheithre chuspóir shonracha:

– gníomhaíocht agus infheistíocht trasteorann i seirbhísí na meán a chothú

– comhar agus cóineasú rialála a mhéadú

– soláthar seirbhísí meán ardchaighdeáin a éascú

– leithdháileadh trédhearcach cóir acmhainní eacnamaíocha a áirithiú

Sa tuarascáil ar an measúnú tionchair maidir le EMFA, míníodh rogha an bhunúis dlí agus comhlíonadh phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta ag an togra.

Leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le coimircí inmheánacha le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta agus trédhearcacht úinéireachta in earnáil na meán, leagtar amach sraith dea-chleachtais dheonacha do chuideachtaí meán chun neamhspleáchas eagarthóireachta a chur chun cinn agus moltaí do chuideachtaí meán agus Ballstáit agus tá sé d'aidhm aige trédhearcacht úinéireachta meán a mhéadú. Díreoidh an Moladh ar rannchuidiú le maolú na rioscaí a bhaineann le cur isteach míchuí ar chinntí eagarthóireachta aonair agus le feabhsú na rochtana ar fhaisnéis maidir le húinéireacht meán.

[5] 12413/22 - COM(2022) 457 final

## 3. Institiúidí/comhlachtaí eile

Maidir le staid na himeartha i bParlaimint na hEorpa (PE), fógraíodh an togra le haghaidh Rialachán EMFA i seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2022. Is é an Coiste um Chultúr agus um Oideachas (CULT) an coiste ceannais agus rachfar i gcomhairle leis an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) agus leis an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE). Cuirfear bailchríoch ar an bpróiseas ainmniúcháin in am trátha. Níor ceapadh rapóirtéir don chomhad go fóill.

De bhun Airteagal 114 CFAE, ní mór dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus, dá bhrí sin, seoladh an próiseas comhairliúcháin.

Cé go bhfuil an comhairliúchán le Coiste na Réigiún roghnach, mhol an Coimisiún ina thogra dul i gcomhairle leis. An 16 Samhain 2022, agus ar bhonn Airteagal 307 CFAE agus Airteagal 19(7)(h) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, chinn Coiste na mBuanionadaithe (Coreper) dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

Níor thug CESE ná Coiste na Réigiún a dtuairimí maidir leis an togra EMFA go fóill.

## II. AN OBAIR A RINNEADH I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

Le linn Uachtaránacht na Seicia, cuireadh togra EMFA i láthair ag Coreper an 21 Meán Fómhair 2022.

Ina dhiaidh sin, scrúdaigh an Mheitheal um Chlosamhairc agus Meáin an togra ón gCoimisiún ag roinnt cruinnithe a tionóladh idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2022.

An 29 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún togra EMFA mar aon leis an measúnú tionchair agus an Moladh ón gCoimisiún maidir le coimircí inmheánacha le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta agus trédhearcacht úinéireachta in earnáil na meán faoi bhráid na Meithle um Chlosamhairc agus Meáin. Chuir na toscaireachtaí a mbarúlacha ginearálta in iúl ansin maidir le togra EMFA. Chuir líon mór Ballstát in iúl go dtacaíonn siad le cuspóirí ginearálta an ghnímh agus dúirt siad nach mór tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar airteagail shonracha.

Ag na cruinnithe a bhí aici an 13 agus an 25 Deireadh Fómhair agus an 8 agus 16 Samhain 2022, rinne an Mheitheal um Chlosamhairc agus Meán mionscrúdú ar fhorálacha substainteacha uile EMFA (Airteagail 1-24).

Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta agus shonracha fós ag roinnt toscaireachtaí i ndáil le EMFA.

## III. PRÍOMHFHREAGAIRTÍ NA dTOSCAIREACHTAÍ

Is féidir príomhfhreagairtí na dtoscaireachtaí maidir le EMFA a ghrúpáil timpeall na bpríomh-shaincheisteanna seo a leanas:

### 1. Bunús dlí

Is é an bunús dlí a mhol an Coimisiún le haghaidh EMF Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena bhforáiltear glacadh beart le haghaidh chomhfhogasú na bhforálacha arna leagan síos de réir dlí, rialacháin nó gníomhaíocht riaracháin i mBallstáit, arb é is cuspóir dóibh bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Is é is aidhm do thogra EMFA aghaidh a thabhairt ar chur chuige neamhiomlán rialála náisiúnta maidir le saoirse agus iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta lena ndéantar difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Cé nach ndearna an Mheitheal um Chlosamhairc agus Meáin scrúdú sonrach ar cheist an bhunúis dlí fós, chuir roinnt Ballstát in iúl gur spéis leo an úsáid a bhaintear as Airteagal 114 CFAE a thuiscint mar bhunús dlí do EMFA, go háirithe an nasc idir an togra agus an margadh inmheánach, chomh maith leis an inniúlacht atá ag an Aontas reachtaíocht a rith maidir leis na saincheisteanna uile a chumhdaítear le EMFA. Iarradh tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle (SDC) maidir leis na saincheisteanna sin. Tá scrúdú á dhéanamh ag SDC faoi láthair ar an mbunús dlí atá beartaithe do EMFA.

## 2. Raon feidhme agus sainmhínithe

### a) Gaol le hionstraimí dlí eile

Chuir roinnt Ballstát ceisteanna faoin ngaol beacht idir forálacha ábhartha Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (AVMSD, 2010/13) agus EMFA, go háirithe i gcomhthéacs Airteagal 1(2) EMFA, toisc nach luaitear AVMSD ar liosta na ngníomhartha reachtacha nach ndéanann EMFA difear dóibh. Déanann EMFA difear do AVMSD, go háirithe trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 30b de a bhaineann le bunú, comhdhéanamh agus cúraimí Ghrúpaí na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA). Mhínigh SDC, seachas leasú a dhéanamh ar Airteagal 30b AVMSD, go bhfuil tionchar ag EMFA ar fhorálacha eile de AVMSD i ndáil le freagrachtaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 AVMSD (féach go háirithe Airteagail 7(1), 7(2), 13(1), 13(4) agus 14(1) EMFA).

### b) Íosleibhéal comhchuibhithe

Leanann EMFA cur chuige comhchuibhithe íosta maidir le gnéithe áirithe de mhargadh inmheánach sheirbhísí na meán. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit rialacha níos mionsonraithe a ghlacadh i réimsí áirithe mar a leagtar síos in Airteagal 1(3) EMFA. I ndáil leis sin, b'fhearr le roinnt Ballstát gan an deis sin a theorannú do na réimsí a luaitear in Airteagal 1(3), ach ba mhaith leo go mbeadh na Ballstáit in ann rialacha níos mionsonraithe a ghlacadh i réimsí beartais eile a dtugann EMFA aghaidh orthu, e.g. fógraíocht stáit. Mhol roinnt Ballstát freisin go gcuirfí 'níos doichte' le 'rialacha níos mionsonraithe', ós rud é go bhfuil siad den tuairim nach gá go mbeadh rialacha níos doichte i gceist le rialacha mionsonraithe.

**c) Eagarthóir, cinneadh eagarthóireachta, freagracht eagarthóireachta**

In Airteagal 2 EMFA tugtar sainmhínithe ar 'eagarthóir', 'cinneadh eagarthóireachta' agus 'freagracht eagarthóireachta'. Tá na trí shainmhíniú sin idirnasctha.

D'iarr roinnt Ballstát soiléiriú maidir le cé a chumhdaítear leis an sainmhíniú ar 'eagarthóir' agus an mbaineann sé le príomheagarthóirí amháin nó le heagarthóirí eile freisin. Sa togra, tagraíonn an sainmhíniú ar 'fhreagracht eagarthóireachta' do 'rialú éifeachtach a fheidhmiú maidir le roghnú na gclár nó na bpreasfhoilseachán agus maidir lena n-eagrú chun críche seirbhís meán a sholáthar'.

**d) Coireacht thromchúiseach**

In Airteagal 2 (17) EMFA tugtar liosta de na cionta coiriúla a chumhdaítear leis an gcoincheap 'coireacht thromchúiseach' chun críocha an togra. Tagraíonn sé do roinnt de na cionta coiriúla a liostaítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit. Cé gur chuir roinnt Ballstát ceist faoi roghnú na gcionta coiriúla a liostaítear sa sainmhíniú agus gur mheas siad go bhféadfaí é a leathnú, tá saincheist na coimhdeachta ardaithe ag roinnt Ballstát eile i bhfianaise na hidirghníomhaíochta leis an nós imeachta coiriúil náisiúnta.

### 3. Cearta soláthraithe seirbhíse meán

Luaitear in Airteagal 4(2) EMFA nach mór do na Ballstáit saoirse eagarthóireachta éifeachtach soláthraithe seirbhíse meán a urramú. Déantar foráil ansin freisin le toirmeasc ar sholáthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, daoine dá dteaghlaigh, a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh, nó a n-áitreabh corparáideach agus príobháideach, a choinneáil, smachtbhanna a chur orthu, iad a idircheapadh, iad a chur faoi réir faireachais nó cuardaigh agus urghabhála, nó cigireacht a dhéanamh orthu, 'ar an bhforas go ndiúltaíonn siad faisnéis a nochtadh maidir lena bhfoinsí, mura bhfuil údar leis sin mar gheall ar cheanglas sáraitheach ar mhaithe le leas an phobail'. Tugtar isteach leis freisin srianta ar úsáid a bhaint as 'earraí spiaireachta in aon fheiste nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, nó a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh, ach amháin má tá údar cuí leis an imscaradh ar roinnt foras', a liostaítear go huileghabhálach in Airteagal 4.

Tá roinnt Ballstát tar éis ceisteanna a tharraingt anuas maidir leis an gcoinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir Airteagal 4(2)(c) EMFA agus a ndlí coiriúil náisiúnta faoi seach, rud a léiríonn an gá atá le tuilleadh scrúdaithe inmheánaigh ar an leibhéal náisiúnta.

Chuir roinnt Ballstát i dtábhacht gur gá raon feidhme 'fostaithe' agus 'baill teaghlaigh' in Airteagal 4(2)(b) agus (c) agus 4(3) EFMA a shoiléiriú a thuilleadh, toisc nach bhfuil na daoine sin ar fad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hábhar na meán.

**4. Dualgais na soláthraithe seirbhíse meán a sholáthraíonn nuacht agus cúrsaí reatha**

Le hAirteagal 6 EMFA forchuirtear dualgas ar sholáthraithe seirbhíse meán a sholáthraíonn ábhar nuachta agus cúrsaí reatha faisnéis maidir lena n-úinéireacht a chur ar fáil go héasca agus go díreach d’fhaighteoirí a seirbhísí chomh maith le bearta a dhéanamh a mheasann siad a bheith iomchuí d’fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta aonair a ráthú. Luaigh roinnt Ballstát nach gcumhdaítear ach na soláthraithe seirbhíse meán sin, a sholáthraíonn nuacht agus cúrsaí reatha, go háirithe le hAirteagal 6 EMFA, agus lorg siad soiléiriú freisin maidir leis na heintitis a cháilíonn mar sholáthraithe seirbhíse meán a sholáthraíonn nuacht agus cúrsaí reatha.

In Airteagal 6(3) EMFA, mheas na Ballstáit go raibh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le díolúine a bheith ag gabháil le micrifhiontair de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE. Ar thaobh amháin, is féidir le díolúine den sórt sin an t-ualach riaracháin ar mhicrifhiontair a laghdú ach, ar an taobh eile, mura mbeadh díolúine ann do mhicrifhiontair, mhéadófaí an leibhéal trédhearcachta maidir le húinéireacht, chomh maith le leibhéal an neamhspleáchais eagarthóireachta, ar gach soláthraí seirbhíse meán a sholáthraíonn ábhar nuachta agus cúrsaí reatha.

**5. An Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán**

Le hAirteagal 8 EMFA, bunaítear an Bord Eorpach um Sheirbhísí na Meán (‘an Bord’), a thagann in ionad Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA) a bunaíodh le AVMSD. De bhun Airteagal 9 EMFA, ní mór don Bhord gníomhú go hiomlán neamhspleách agus a chúraimí á ndéanamh nó a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige. Chuir roinnt Ballstát ceisteanna faoi neamhspleáchas an Bhoird, go háirithe maidir leis an gCoimisiún, i bhfianaise leibhéil beartaithe rannpháirtíocht an Choimisiúin i gcásanna áirithe, lena n-áirítear i gcás ina ndéanfar cinneadh/nó tuairim an Bhoird ‘i gcomhaontú leis an gCoimisiún’.

Maidir le hAirteagal 12 EMFA, mhol roinnt Ballstát gur cheart a lua go sainráite sa téacs gur féidir leis an mBord gníomhú ar a thionscnamh féin.

## 6. Comhordú a dhéanamh maidir le bearta a bhaineann le soláthraithe seirbhísí meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas

Luaitear in Airteagal 16 EMFA nach mór don Bhord bearta na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta a chomhordú i gcásanna ina soláthraíonn na soláthraithe seirbhíse meán sin, atá bunaithe lasmuigh den Aontas, scaipeadh nó rochtain ar sheirbhísí meán, i gcás ina ndéanann na seirbhísí meán sin 'dochar nó baol tromchúiseach dochair don tslándáil phoiblí agus don chosaint'.

I ndáil leis an méid sin, phléigh na Ballstáit praiticiúlachtaí na ngníomhaíochtaí comhordaithe i measc na n-údarás rialála náisiúnta agus an gaol idir Airteagal 16 EMFA agus na smachtbhannaí an na meáin a d'fhorchuir an Chomhairle le déanaí faoi bhunús dlí difriúil. D'iarr roinnt Ballstát soiléiriú breise ar na nósanna imeachta comhordúcháin agus ar raon feidhme na mbeart is féidir a dhéanamh. Cuireadh ceisteanna freisin maidir leis an téarma 'riosca na slándála poiblí agus na cosanta' agus iarrataí ar shoiléiriú ó roinnt Ballstát freisin.

## 7. Leithdháileadh fógraíochta stáit

Luaitear in Airteagal 24(2) nach mór d'údaráis phoiblí, 'lena n-áirítear rialtais chónaidhme nó réigiúnacha, údaráis nó comhlachtaí rialála, chomh maith le fiontair atá faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile atá faoi rialú stáit ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta, nó rialtais áitiúla d'eintitis chríochacha ina bhfuil níos mó ná 1 mhilliún cónaitheoir' faisnéis maidir lena gcaiteachas fógraíochta arna leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse meán a chur ar fáil go poiblí. Rinneadh plé faoin ualach riaracháin a eascróidh as an tairseach sin. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur cheart, ar mhaithe le trédhearcacht mhéadaithe, an tairseach de 1 mhilliún áitritheoir a bhaint go hiomlán nó a ísliú.